

19 Ionaid cúraim phríomhúil a fhorbairt

- 19.1

Is é an cúram príomhúil an chéad phointe teagmhála don chóras sláinte agus cúraim shóisialaigh i gcoitinne. Tacaíonn se le daoine de gach aois trí chur chuige atá pobalbhunaithe. Áirítear leis seo dochtúirí ginearálta (DGnna), altraí sláinte poiblí agus réimse gairmí sláinte agus cúraim shóisialaigh. Is príomhthosaíocht straitéiseach na Roinne Sláinte (an Roinn) ó 2001 í an tsamhail chúraim phríomhúil.¹
- 19.2

Leag straitéis chúraim phríomhúil 2001 an fhís le haghaidh seirbhísí cúraim phríomhúil amach.² Beartaíodh leis sin líonra náisiúnta d'ionaid cúraim phríomhúil agus spás iontu araon le haghaidh foireann cúraim phríomhúil lárnach amháin nó níos mó. Thacódh líonra níos leithne de ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh leis na foirne seo. Le chéile, sholáthródís seirbhísí chun freastal a dhéanamh ar riachtanais an phobail áitiúil (féach Fíor 19.1).

1 Beartaíodh i [Straitéis Sláinte 2001 — Cálíocht agus Cothroime — Córas Sláinte](#)

[duitse](#) go ndéanfaí forbairt mhór ar sheirbhísí cúraim phríomhúil chun seirbhís phobalbhunaithe chomhtháite a bhfuil teacht uirthi ar bhonn lá agus oíche a bhaint amach.


2 [Cúram Príomhúil: Foilsíodh Treo Nua](#) in éineacht le Straitéis Sláinte 2001.

3 D'fhoilsigh coiste uilepháirtí an oireachtais, an Coiste um Chúram Sláinte sa Todhchaí, an [Tuarascáil maidir le Cúram Sláinte](#) i mí Bealtaine 2017.

4 Chumhdaigh [Straitéis Forfheidhmithe Sláintecare](#) 2018 gníomhaíochtaí riachtanacha na chéad tréimhse trí bliana den phróiseas cur chun feidhme Sláintecare. Ina dhiaidh sin, foilsíodh an [Straitéis Forfheidhmithe & Plean Gníomhaíochta Sláintecare 2021-2023](#). Foilsíodh [Path to Universal Healthcare: Sláintecare & Programme for Government 2025+](#) i mí Bealtaine 2025.

5 Bunaíodh an [Clár um Chúram Pobail Feabhsaithe](#) in 2019 agus seoladh in 2022 mar chuid de Sláintecare é. Ceapadh é chun spleáchas ar an gcóras ospidéal a laghdú trí leibhéil níos airde de chúram sláinte a sholáthar sa suíomh pobail agus níos gaire don bhaile trí chleachtadh ginearálta, cúram príomhúil agus seirbhísí pobalbhunaithe.

Fíor 19.1 Samhail chúraim phríomhúil



Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

- 19.3

Cuireadh tús le Sláintecare — clár deich mbliana chun seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh a chlaohlú — i mí Bealtaine 2017.^{3,4} Is príomhghníomhaíocht straitéiseach Sláintecare é cúram pobal agus príomhúil a leathnú. Tagann Sláintecare leis an tábhacht atá le forbairt na nIonad Cúraim Phríomhúil agus le bonneagair phobail eile a fhorbairt chun tacú leis an aistriú i dtreo soláthar cúraim phobalbhunaithe méadaithe. Áirítear leis seo, diagnóisic phobail; cúram míchumais; bainistiú galair ainsealaigh; foirne idirghabhála pobail; cúram do dhaoine aosta; sláinte agus folláine; agus altranais agus cúram maolaitheach.⁵
- 19.4

Comhoibríonn an Roinn agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) chun athchóirithe Sláintecare a chur chun feidhme. Cuireann an Roinn an creat beartais agus an treoir straitéiseach ar fáil, agus is é FSS atá freagrach as seachadadh oibríochtúil fhís Sláintecare.

- 19.5** Tá sé beartaithe go gcumasóidh an *Creat Infheistíochta Straitéiseach um Chúram Sláinte* de chuid na Roinne seachadadh Sláintecare trí riachtanais seirbhíse agus straitéisí a ailíniú chun an infheistíocht chaipitil agus an fhorbairt is fearr a éascú.¹

Fócas an scrúdaithe

- 19.6** Tá forbairt líonra náisiúnta cuimsitheach ionad cúraim phríomhúil ríthábhachtach chun an seachadadh seirbhíse cúraim phríomhúil atá beartaithe faoi Sláintecare a bhaint amach. Ba é dul chun cinn ar chríochnú an líonra, a moladh os cionn fiche bliain ó shin, príomhchúram thuarascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste roimhe seo in 2010 agus arís in 2018 (an tuarascáil 2018).^{2,3}
- 19.7** Rinneadh an scrúdú seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar
- stádas reatha chur chun feidhme na moltaí a airíodh i dtuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste in 2018.
 - an dul chun cinn go dtí deireadh 2024 maidir le seachadadh na n-ionad cúraim phríomhúil, lena n-áirítear uainiú, beartú tosaíochta agus modh seachadta.
 - úsáid shampla na n-ionad cúraim phríomhúil atá i bhfeidhm.
- 19.8** Chuir an fhoireann imscrúdaithe agallamh ar fhoireann na roinne agus foireann FSS, rinne siad athbhreithniú ar cháipéisíocht ábhartha agus thug siad cuairt ar sé ionad cúraim phríomhúil.

Stádas chur chun feidhme na moltaí

- 19.9** Cuireadh an méid seo a leanas in iúl i dtuarascáil 2018 maidir le forbairt na n-ionad cúraim phríomhúil:
- Ó thús 2013 go dtí Márta 2019, cuireadh 57 ionad cúraim phríomhúil chun feidhme, rud a mhéadaigh líon iomlán na n-ionad cúraim phríomhúil a bhí i bhfeidhm go dtí 127 — thart ar 36% den líonra náisiúnta spriocdhírthe.
 - Níor leag an Roinn tréimhse ama amach do bhaint amach líon spriocdhírthe na n-ionad cúraim phríomhúil. Bunaithe ar ráta an dul chun cinn ó 2013, thógfadh sé 20 bliain eile ar a laghad (i.e. go dtí 2038) chun líon iomlán na n-ionad cúraim phríomhúil a fhorbairt.
 - Níor nuashonraíodh an rangú i leith fhorbairt na n-ionad cúraim phríomhúil i spriocshuíomhanna ó 2012 d'ainneoin méadú daonra suntasach agus forbairtí ábhartha eile.
 - Faoi thrí phríomhshamhail a seachadadh ionaid cúraim phríomhúil: léas fadtéarmach, comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí agus faoi úinéireacht FSS. Mar gheall ar na struchtúir chostais éagsúla, ba dheacair costais agus buntáistí na samhlacha seachadta faoi seach a chur i gcomparáid lena chéile.
- 19.10** Áiríodh leis an tuarascáil 2018 ceithre mholadh ar aontaigh an Roinn agus FSS araon leo. Lorg an fhoireann imscrúdaithe nuashonrú maidir le stádas chur chun feidhme na moltaí agus thug siad faoi deara nár cuireadh ceann ar bith acu i bhfeidhm, amhail lár 2025 (féach Fíor 19.2).

¹ D'fhoilsigh an Roinn an [Creat Infheistíochta Straitéiseach um Chúram Sláinte](#) i mí Lúnasa 2024.

² Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2010, caibidil 44, [Ionaid Cúraim Phríomhúil a Fhorbairt](#) agus Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2018, caibidil 15, [Ionaid Cúraim Phríomhúil a Fhorbairt](#).

³ Thuairiscigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste i leith foirne cúraim phríomhúil sa Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2010, caibidil 25, [Foirne Cúraim Phríomhúil](#).

Fíor 19.2 Stádas chur chun feidhme na moltaí a áiríodh le tuarascáil 2018, amhail deireadh mhí an Mheithimh 2025

Moladh ^a	Stádas cur chun Feidhme
Raon íosta seirbhísí Chun gur féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le seachadadh foirne cúraim phríomhúil agus ionad cúraim phríomhúil, ba cheart don Roinn sainmhíniú a thabhairt ar raon íosta seirbhísí agus cóiríochta a chuimsíonn ionad cúraim phríomhúil.	 Níor shainmhíniigh an Roinn an raon íosta seirbhísí agus cóiríochta lena chuimseofaí ionad cúram phríomhúil. Dúirt an Roinn go bhfuil sé de rún acu machnamh a dhéanamh ar an moladh seo mar chuid de thionscadal chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár um ionad cúraim phríomhúil. Cuireadh tús le pleanáil don tionscadal.
Amlíne seachadta Ba cheart don Roinn sprioc a shocrú maidir leis an uair bheartaithe a mbeidh an líonra iomlán i bhfeidhm chomh maith le spriocanna idirmheánacha (e.g. gach cúig bliain).	 Níor shocraigh an Roinn spriocanna maidir le seachadadh an líonra iomláin. Dúirt an Roinn go bhfuil sé de rún acu machnamh a dhéanamh ar an moladh seo (freisin) mar chuid den tionscadal chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár um ionad cúraim phríomhúil.
Rangú tosaíochta na n-ionad cúraim phríomhúil Ba cheart do FSS rangú na spriocshuíomhanna a nuashonrú agus an chaoi a leagfar síos ord tosaíochta an tseachadta amach anseo a shocrú.	 Ní dhearna FSS aon athbhreithniú foirmiúil chun rangú spriocshuíomhanna na n-ionad cúraim phríomhúil a nuashonrú ná chun an chaoi a leagfar síos ord tosaíochta an tseachadta amach anseo a shocrú.
Athbhreithniú ar éifeachtúlacht costais na modhanna seachadta Ba cheart do FSS athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht costais na modhanna seachadta éagsúla a úsáidtear chun ionaid chúraim phríomhúil a fhorbairt go dtí seo d'fhonn eolas a dhéanamh do chinntí amach anseo maidir le modhanna seachadta.	 Ní dhearna FSS athbhreithniú ar éifeachtúlacht costais na modhanna seachadta éagsúla a úsáidtear chun ionaid cúraim phríomhúil a fhorbairt. Dúirt FSS go ndéantar measúnú costais ar ionaid cúraim phríomhúil ar bhonn togra ar thogra. Dúirt siad freisin go socraíonn an measúnú a dhéantar ar gach rogha seachadta an réiteach infheistíochta is cuí agus go gcinntíonn sé luach ar airgead.
 Níl sé iomlán	

Foinse: An Roinn Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhíse Poiblí 2018, caibidil 15, Forbairt na n-ionad cúram phríomhúil.

Stádas seachadta líonra na n-ionad cúraim phríomhúil

Bailiú sonraí

- 19.11** Lorg an fhoireann imscrúdaithe eolas ó FSS maidir le costas tógála agus/nó costas léasa, líon foirne agus réimse seirbhísí a sholáthraítear ag gach ionad cúraim phríomhúil atá i bhfeidhm. Mar sin féin, coinnítear an t-eolas seo ar fud rannáin ar leith den chuid is mó, agus ní choinníonn FSS go lárnach é. Mar fhreagra ar an dréacht-tuarascáil, chuir an Roinn sonraí costais le chéile maidir le hionaid cúraim phríomhúil atá i bhfeidhm, ach níor soláthraíodh don fhoireann imscrúdaithe iad go dtí mí Mheán Fómhair 2025.

1 Coinníonn agus nuashonraíonn oifig chorpáraídeach caipitil agus eastáit FSS an liosta láimhe, agus déanann siad monatóireacht air freisin.

2 Liostáladh 351 ionad cúram phríomhúil ar an liosta a soláthraíodh do thuarascáil 2018 agus léirigh sé an staid amhail deireadh Márta 2019.

3 Áirítear leis an sé ionad cúram phríomhúil nua an dara ionad cúram phríomhúil suite i ngach ceann de chúig shuíomh/phobal agus ionad cúram phríomhúil amháin i suíomh nua.

4 Rinne *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhíse Poiblí 2018*, caibidil 15, [Forbairt na n-ionad cúram phríomhúil](#) tagairt do 127 ionad cúram phríomhúil a bhí i bhfeidhm amhail Márta 2019. Mar sin féin, díoladh suíomh amháin ina dhiaidh sin. Féach liosta iomlán na suíomhanna ionaid cúram phríomhúil in Aguisín 19A.

5 Tháinig ionad cúram phríomhúil amháin i bhfeidhm sa tréimhse Eanáir go Márta 2019 a léiríodh i dtuarascáil 2018 (féach nóta 1 thuas).

6 Déanann siad seo tagairt d'ionaid sláinte 'a bhí ann cheana' a chatagóirítear mar ionaid cúram phríomhúil anois. Ní chatagóirítear gach ionad sláinte a bhí ann cheana mar ionad cúram phríomhúil.

19.12 Sholáthair FSS máistirliosta Excel-bhunaithe de na hionaid cúram phríomhúil amhail deireadh 2024 (máistirliosta 2024) don fhoireann imscrúdaithe.¹ Áiríodh leis an liosta 356 suíomh ionaid cúram phríomhúil san iomlán a chuimsíonn na hionaid a seachadadh cheana agus iad siúd ag céimeanna forbartha éagsúla. Seolann FSS an liosta (arna nuashonrú) chuig an Roinn ar bhonn ráithiúil. Ní áirítear costais a bhaineann le seachadadh gach ionaid cúram phríomhúil sna nuashonruithe ráithiúla a sheoltar chuig an Roinn.

19.13 Dúirt FSS go dtugtar tuairiscí na gcostas a bhaineann le seachadadh gach ionaid cúram phríomhúil don Roinn astu féin. Dúirt an Roinn go measann sí go bhfuil costais ionad cúram phríomhúil léasaithe mar chuid de phróisis buiséid bhliantúla agus go bhfuil costais ionad cúram phríomhúil atá faoi úinéireacht FSS mar chuid de nósanna imeachta pleanála caipitil.

19.14 Chuir an fhoireann imscrúdaithe máistirliosta 2024 agus an liosta a soláthraíodh do thuarascáil 2018 i gcomparáid lena chéile.² Thug sí faoi deara gur scríosadh suíomh ionaid cúram phríomhúil amháin, agus gur cuireadh sé ionad cúram phríomhúil le liosta 2024.³

Stádas seachadta na n-ionad cúram phríomhúil

19.15 Amhail deireadh 2024, tá 179 den 356 suíomh ionaid cúram phríomhúil a n-áirítear i máistirliosta 2024 i bhfeidhm (féach Fíor 19.3).⁴ As an iomlán seo, cuireadh 53 ionad cúram phríomhúil chun feidhme idir Márta 2019 agus deireadh 2024.⁵ Níl an líonra forbartha go cothrom ar fud an Stáit (féach Fíor 19.4).

19.16 As na 177 suíomh ionaid cúram phríomhúil a liostáladh i máistirliosta 2024 atá fanta, rangaigh FSS 63 díobh mar 'cumaiscthe/níl gá leis'. Tá 17 suíomh ionad cúram phríomhúil eile faoi athbhreithniú ag seirbhísí áitiúla FSS le cinneadh cé acu a bhfuil nó nach bhfuil gá acu fós. Nuair a bhaintear na 63 ionad nach leantar ar aghaidh leo a thuilleadh, laghdaítear an líonra beartaithe go 293 san iomlán. Ar an mbonn sin, is ionann na hionaid cúram phríomhúil atá i bhfeidhm agus 61% den líonra beartaithe reatha.

19.17 Áirítear leis na hionaid cúram phríomhúil atá i bhfeidhm

- saoráidí saintógtha neamhspleacha;
- iar-ionaid sláinte ina soláthraítear seirbhísí cúram phríomhúil; agus⁶
- ionaid cúram sláinte atá comhshuite ar champais chúram sláinte chomhtháite.


Fíor 19.3 Stádas na n-ionad cúraim phríomhúil a shainaithníodh le seachadadh cheana, amhail deireadh 2024^a

Stádas	Cur síos	Líon na n-ionad cúraim phríomhúil
I bhfeidhm	Gníomhach/ag glacadh le hothair	179
Tógtha	Tá an tógáil críochnaithe, ach níl an t-ionad cúraim phríomhúil i bhfeidhm	1
Á thógáil	Tá an t-ionad cúraim phríomhúil á thógáil	5
Pleanáil beagnach i gcrích	Tá comhaontú maidir le léas i bhfeidhm le forbróir nó tá iarratas ar chead pleanála curtha isteach	20
Go luath sa phleanáil	Fógartha/Le fógairt nó ag céim phleanála caipitil luath	71
Cumaiscthe/níl gá leis	Cumascadh na seirbhísí beartaithe le hionad cúraim phríomhúil eile nó níl gá leis a thuilleadh	63
Faoi athbhreithniú	Suíomh faoi athbhreithniú ag líonra cúraim sláinte pobail	17
Iomlán		356

Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Féach stádas shuíomhanna na n-ionad cúraim phríomhúil uile in Aguisín 19A.

Fíor 19.4 Líon na n-ionad cúram sláinte atá i bhfeidhm de réir an chontae, agus an meándaonra a ndéanann gach ionad freastal air, amhail Nollaig 2024



1 Tá sé réigiún sláinte ar fud na hÉireann, agus 96 líonra cúraim sláinte pobail atá freagrach as seirbhísí cúraim sláinte phríomhúil a sheachadadh. Freastalaíonn gach líonra ar dhaonra thart ar 50,000 duine. Tá spriocsholáthar foirne le haghaidh gach líonra idir ceithre agus sé fhoireann cúraim phríomhúil, agus dochtúirí ginearálta páirteach sa seachadadh seirbhísí.

Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Tá sé seo bunaithe ar shonraí daonra dhaonáireamh 2022 de réir an chontae.

19.18 Dúirt an Roinn gur forbraíodh an tsamhail ionaid cúraim phríomhúil le himeacht ama i dteannta leathnú an chúraim phobalbhunaithe ó thabhairt isteach Sláintecare. Dúirt FSS gurbh iondúil a mbíonn ionad cúraim phríomhúil mór amháin laistigh de líonra cúraim sláinte pobail, nuair is féidir, chun freastal ar na foirne cúraim phríomhúil ildisciplíneacha agus ar sheirbhísí pobail níos leithne.¹ Soláthraíonn roinnt suíomhanna satailíte, amhail ionaid sláinte, seirbhísí cúraim phríomhúil don phobal freisin.

1 Áirítear i dTuarascáil ar Chuntais na Seirbhíse Poiblí 2018, caibidil 15, Forbairt na n-ionad cúram príomhúil eolas ar 351 ionad cúraim phríomhúil — 340 ó rangú tosaíochta 2012, chomh maith le 11 ionad cúraim phríomhúil breise nár airíodh leis an gcéad liosta.

2 Cuimsítear sa ghrúpa athbhreithnithe réadmhaíne: Stiúrthóir Náisiúnta, Ceann Bonneagair Sláinte Straitéiseach agus Seachadta Caipitil; Stiúrthóir Náisiúnta, Caipiteal agus Eastáit; Stiúrthóir Náisiúnta Cúnta, Réadmhaoin; Stiúrthóir Náisiúnta Cúnta, Caipiteal; Bainisteoir Eastáit Corparáideach; ionadaí seirbhíse ábhartha; agus ionadaí um ghníomhú ar son na haeráide.

3 Leagann *Protocol for the Acquisition and Disposal of Property* agus *Creation of the Investment Framework for the FSS* na riachtanais (atá le leanúint) maidir le bearta réadmhaíne.

4 Tá gá le hathbhreithniú ón gcoiste iniúchóireachta agus riosca le haghaidh bearta idir €2 milliún agus €10 milliún. Baineann siad sin le hionaid cúraim príomhúil forbartha faoi léas oibríochtúil den chuid is mó. Ní mór faomhadh a fháil ón bhfoireann shinsearach ceannaireachta agus bord FFS le haghaidh ionaid cúraim phríomhúil níos mó a bhfuil luach níos mó ná €10 milliún orthu.

Beartú tosaíochta na n-ionad cúraim phríomhúil atá le forbairt

19.19 I ndeireadh 2011, rinne FSS measúnú chun riachtanais cúraim phríomhúil reatha agus riachtanais cúraim phríomhúil amach anseo a shainaithint. Thug an tuarascáil measúnaithe faoi deara go raibh an phunann cóiríochta cúraim phríomhúil as dáta agus nach raibh sé ceaptha chun tacú leis an gcur chuige ildisciplíneach, ilfhreastail i leith cúram príomhúil.

19.20 De bhun an mheasúnaithe, chuir FSS, i gcomhairle leis an Roinn, suíomhanna na n-ionad cúraim phríomhúil in ord tosaíochta ar bhonn náisiúnta in 2012. Ansin, chuir FSS liosta tosaíochta rangaithe de na 340 suíomh ionaid cúraim phríomhúil sainaithe le chéile.¹ Bhí an rangú tosaíochta bunaithe ar mheasúnaithe (ó 2012) ar riachtanas seirbhíse, riachtanas bonneagair agus tomhais díotha i bpobail.

19.21 Chuir an fhoireann imscrúdaithe liosta tosaíochta 2024 i gcomparáid leis an liosta a fuair siad le haghaidh tuarascáil 2018. Níor tháinig aon athrú ar rangú tosaíochta shuíomhanna na n-ionad cúraim phríomhúil a sainaithe le seachadadh ó 2018. Mar sin féin, i gcúig shuíomh, rinneadh cinntí chun an dara ionad cúraim phríomhúil a sholáthair. Sna cásanna sin, liostáladh an dá shuíomh le chéile, toisc go mbaineann an tosaíocht leis an suíomh/pobal seachas leis an ionad.

19.22 Cé nár cuireadh ord tosaíochta dian i bhfeidhm maidir le seachadadh na n-ionad cúraim phríomhúil, bhí an chuid is mó de na hionaid a d'oscail ó 2019 i dtreo bharr an liosta tosaíochta — bhí 39 (nó 74%) de na hionaid seachadta i leath uachtair an liosta tosaíochta (féach Fíor 19.5).

19.23 Dúirt FSS agus an Roinn go ndéantar aon athchumraíocht, cónascadh nó suíomh nua a sainaithe le chéile (in 2012) a shocrú go háitiúil laistigh de na líonraí cúraim sláinte pobail. Ceanglaítear ar an líonra cúram sláinte pobail áitiúil, i gcomhpháirt le caipiteal agus eastáit FSS, faomhadh a lorg ó ghrúpa athbhreithnithe réadmhaíne (PRG) FSS roimh fhorbairt ionaid cúraim phríomhúil.² Ní mór faomhadh choiste iniúchóireachta agus riosca (ARC) FSS a fháil freisin, agus, i gcásanna áirithe, ní mór faomhadh a fháil ón bhfoireann shinsearach ceannaireachta agus ó Bhord FSS freisin.^{3,4}

Fíor 19.5 Beartú tosaíochta FSS maidir leis na hionad cúraim phríomhúil a seachadadh amhail deireadh mhí na Márta 2019 agus amhail deireadh 2024

Rangú tosaíochta ^a	Líon na n-ionad cúraim phríomhúil a seachadadh idir 2019 agus 2024	Líon na n-ionad cúraim phríomhúil atá i bhfeidhm amhail deireadh 2024 ^b	Céatadán na n-ionad cúraim phríomhúil beartaithe a seachadadh	
			Nollaig 2024	Márta 2019
1 agus 50	14	31	61%	34%
51 agus 100	12	25	48%	26%
101 agus 150	13	23	46%	20%
151 agus 200	6	15	30%	18%
201 agus 250	5	13	25%	16%
251 agus 300	2	31	60%	58%
301 agus 340	1	39	98%	95%
Rangú ar bith ^c	—	2	20%	27%
Iomlán	53	179	50%	36%

Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Áirítear le dhá shuíomh ar an liosta ceithre ionad cúraim phríomhúil a forbraíodh mar gheall ar an ngá an dara ionad cúraim phríomhúil a sholáthair sna suíomhanna sainaithte chun freastal a dhéanamh ar riachtanais seirbhíse.
 - b Amhail deireadh 2024, bhí dhá ionad cúraim phríomhúil i bhfeidhm i Maigh Cuilinn — iar-ionad sláinte agus ionad cúraim phríomhúil nua. Faoi mhí Lúnasa 2025, bhí an t-iar-ionad sláinte cumaiscthe go hiomlán leis an ionad nua. Tá an t-iar-áitreabh le tabhairt suas don tiarna talún i mí Mheán Fómhair 2025.
 - c Níl rangú le cuid de na hionaid cúraim phríomhúil sa mháistirliosta.

1 Tuairiscítear i [Population and Labour Force Projections 2023 – 2057](#), foilseachán de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh (Iúil 2024) go bhfuiltear ag tuar go dtiocfaidh fás suntasach ar dhaonra na hÉireann, agus go bhféadadh sé figiúr os cionn seacht milliún a bhaint amach faoi 2057. Tuartar go sáróidh líon na ndaoine atá os cionn 65 milliúin amháin faoi 2030.

2 Dúirt an Roinn go bhfuil sí ag comhoibriú leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht ar shamhail pleanála sláinte/tithíochta. Déantar seo chun eolas a dhéanamh do riachtanais lonnaíochta agus daonra amach anseo.


19.24 Dúirt an Roinn agus FSS go ndéantar machnamh ar riachtanais na bpobal áitiúla nuair a bhforbraítear ionad cúraim phríomhúil. Déantar machnamh ar na nithe seo a leanas freisin:

- athruithe ar dhaonra;^{1,2}
- athruithe ar seachadadh seirbhíse — mar shampla, cur chun feidhme chláir Sláintecare;
- deiseanna sa mhargadh;
- úsáid bonneagar atá ann cheana, mar shampla, ionaid sláinte.

Uainiú sheachadadh na n-ionad cúraim phríomhúil

- 19.25** Dúirt an Roinn nár leagadh amlíne amach maidir le seachadadh na n-ionad cúraim phríomhúil uile atá sainaithe le forbairt faoi láthair. Mar sin féin, áirítear le Clár an Rialtais 2025 gealltanas chun “níos mó ionad cúraim phríomhúil a oscailt agus dlús a chur leis an tógáil ar na hionaid atá ar na bacáin cheana féin”.¹
- 19.26** Ó foilsíodh tuarascáil 2018, níor tháinig aon athrú ar an meánráta seachadta arbh ionann thart ar naoi n-ionad cúraim phríomhúil in aghaidh na bliana (féach Fíor 19.6). Ar an ráta sin, thógfadh sé 13 bliana (go 2037) chun na hionaid cúraim phríomhúil atá ar an máistirliosta fós (114) a sheachadadh.²
- 19.27** Dúirt an Roinn gur féidir le forbairt ionad cúraim phríomhúil neart blianta a thógáil ó sholáthar agus pleanáil go dtí an tógáil. Dúirt sí go mbíonn tionchar ag cúinsí nach bhfuil smacht acu orthu ar amlínte seachadta na n-ionad cúraim phríomhúil, mar shampla an próiseas ceada pleanála agus an tírdhreach eacnamaíoch. Dúirt an Roinn agus FSS freisin, go raibh tionchar suntasach ag paidéim COVID-19 ar an bpróiseas forbartha, rud a chuaigh i bhfeidhm ar an ráta seachadta le blianta beaga anuas.

Fíor 19.6 Líon na n-ionad cúraim phríomhúil a seachadadh ar bhonn bliantúil, 2013 go 2024



Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta a Áirítear leis sin ionad cúraim phríomhúil amháin a seachadadh in R1 2019 de réir tuarascáil 2018.

¹ Foilsíodh [Clár an Rialtais 2025 - Todhchaí na hÉireann a Dhaingniú](#) i mí Eanáir 2025.

² Ní áirítear leis sin na 63 ionad cúraim phríomhúil ar cumascadh seirbhísí le hionad cúraim phríomhúil eile nó a measadh nach bhfuil gá leo a thuilleadh.

- 19.28** Dúirt FSS go raibh tionchar ag an mboilsciú tógála méadaithe ó 2021 ar an seachadadh. Dúirt sé gur ardaigh forbróirí áirithe buarthaí marthanachta eacnamaíocha mar gheall ar rátaí cíosa ar aontaíodh leo cheana, tar éis dóibh dul tríd na céimeanna idirbheartaíochta agus comhaontaithe. Dá bhar sin, cuireadh stop le thart ar 35 togra, agus athfhógraíodh iad nó tá siad le hathfhógairt.

Modh seachadta na n-ionad cúraim phríomhúil

19.29 Go dtí deireadh 2024, bhain FSS leas as réimse modhanna chun na hionaid cúraim phríomhúil a sheachadadh. Socraíonn an Roinn agus FSS an modh seachadta bunaithe ar riachtanais le haghaidh ionad cúraim phríomhúil a mheastar go háitiúil. Is iad na príomh-mhodhanna a úsáideadh ná:

- **Tógtha ag FSS go díreach** — Ionaid cúraim phríomhúil a thóg FSS agus gur le FSS iad. Maoiníodh ó leithdháileadh bliantúil caipitil FSS iad.
- **Léas** — tógann FSS léas ar théarma seasta (25 bliain, go hiondúil, agus rogha ann tréimhse cúig bliain bhreise a chur leis) ó fhorbróir chun ionad cúraim phríomhúil a sholáthair. Soláthraíonn an forbróir an tsaoráid chríochnaithe agus tá sé freagrach as bail a choinneáil uirthi. Íocann FSS cíós bliantúil agus táille sheirbhíse, agus reáchtálann sé an tsaoráid.
- **Comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí (PPP)** — Is comhaontú idir FSS agus comhlacht na hearnála príobháidí í comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí chun bonneagar agus seirbhísí a sholáthair ar feadh tréimhse chonartha sonraithe (20 bliain, go hiondúil). Maoiníonn comhlacht na comhpháirtíochta phríobháideach phoiblí tógáil, feistiú agus cóiriú an ionaid cúraim phríomhúil taobh amuigh de shaintrealamh áirithe. Íocann FSS comhlacht na comhpháirtíochta príobháidí poiblí i bhfoirm íocaíochtaí aonadacha tréimhsiúla ar feadh théarma an chonartha. Ag deireadh an chonartha, tugtar an tsaoráid ar láimh do FSS agus cuma uirthi mar a bheadh ceann nua inti.


19.30 Seachadadh dhá ionad cúraim phríomhúil trí mhodhanna neamhchaighdeánacha.

- **Díol agus aisléasú** — dhíol FSS an talamh ar ais don fhorbróir chun an t-ionad cúraim phríomhúil a thógáil agus thóg sé léas ar an bhfoirgneamh arís d'fhonn é a cheannach in am trátha.
- **Léasú agus ceannach** — rinne FSS conradh le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le léas agus ceannach ionaid cúraim phríomhúil faoi Chlár Athghiniúna Bhaile Munna 1997. Tá sé mar aidhm ag FSS go mbeadh 60% den áitreabh faoina úinéireacht faoi 2030.

19.31 Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar a shamhail léasa in 2023, fógraíonn FSS gach tairiscint reatha ar eTenders anois ar mhaithe le próiseas feabhsaithe, struchtúrtha agus trédhearcach.¹ Roimhe seo, fógraíodh cuirí chuig forbróirí sna páipéir náisiúnta agus áitiúla chun léirithe spéise a chur isteach maidir le hionaid cúraim phríomhúil a bhí sainaithte ag FSS le haghaidh seachadta léasa.

19.32 Ag deireadh 2024, seachadadh 109 (61%) de na 179 hionaid cúraim phríomhúil a bhí i bhfeidhm tríd an tsamhail léasa (féach Fíor 19.7).

¹ Is é eTenders ardán náisiúnta tairisceana na hÉireann le haghaidh chonarthaí na hearnála poiblí.

Fíor 19.7 Líon agus céatadán na n-ionad cúraim phríomhúil, de réir modha seachadta, amhail deireadh 2024

Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Déantar trácht anseo d'ionaid sláinte a bhí ann roimh 2012 a meastar go bhfuil seirbhísí cúraim phríomhúil á soláthar iontu faoi láthair.

19.33 Dúirt FSS go bhfuil tionchar áirithe ag spéis margaidh ar an modh seachadta. Dúirt sé nárbh í an uainíocht an ghné ba thábhachtaí i roghnú an mhodha seachadta go stairiúil; seachas sin, bhí an infhaighteacht suímh, an infhaighteacht chaipitil agus rannpháirtíocht na ndochtúirí ginearálta níos suntasaí. Dá bharr sin, ba í an tsamhail léasa oibríochtúil an príomh-mhodh a úsáideadh. Dúirt FSS gur tháinig athrú air sin mar gheall ar an rannpháirtíocht mhéadaithe leis na dochtúirí ginearálta chomh maith leis an tacaíocht mhéadaithe a chuirtear ar fáil dóibh trí ligean dóibh comhoibriú go díreach le FSS ar fhorbairt na n-ionad cúraim phríomhúil. Dúirt sé freisin go mbíonn níos mó deiseanna chun suíomhanna oiriúnacha, nó foirgnimh i gcásanna áirithe, a sholáthar nuair atá plean caipitil níos mó i bhfeidhm.

Feidhmiú agus úsáid ionad cúraim phríomhúil

19.34 Thug an fhoireann imscrúdaithe cuairteanna suímh ar sé ionad cúraim phríomhúil — 3% den líonra atá i bhfeidhm — chun athbhreithniú a dhéanamh ar a n-úsáid reatha agus ar a soláthar foirne (Féach Fíor 19.8).¹ Bhí an raon agus an réimse seirbhísí a sholáthraítear ag na hionaid cúraim phríomhúil ar tugadh cuairt orthu an-difriúil óna chéile, mar a léirítear i bhFíor 19.9.

1 Rinneadh na cuairteanna suímh le linn mhí Aibreáin agus mhí na Bealtaine 2025.

Fíor 19.8 Ionaid cúraim phríomhúil shamplacha ar tugadh cuirt orthu, Aibreán agus Bealtaine 2025

Ainm an ionaid cúraim phríomhúil	Modh seachadta	Bliain ar thosaigh an phleanáil ^a	Bliain ar tháinig sé chun feidhme ^a	Costas caipitil an tseachadta	Cíos bliantúil agus táille sheirbhíse
				€m	€m
Gráinseach Ghormáin	Faoi úinéireacht FSS	2012	2018	14.17	—
Béal na mBuillí	Faoi úinéireacht FSS	2006	2010	1.48	—
An Caisleán Nua	Léas	2016	2024	—	0.9
An tInbhear Mór	Léas	2006	2023	—	1.5
Inis Córthaidh	Léas	2017	2022	—	0.9
Tulach Mhór	Léas	2013	2019	—	1.1

Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Léiríonn 'bliain ar thosaigh an phleanáil' an bhliain ar cuireadh tús le planáil an ionaid cúraim phríomhúil. Léiríonn 'bliain ar tháinig sé chun feidhme' an bhliain ar tháinig an t-ionad chun feidhme.

Fíor 19.9 Seirbhísí a éascaítear agus soláthar foirne sna hionaid cúraim phríomhúil, Aibreán/Bealtaine 2025

Seirbhísí ^a	Gráinseach Ghormáin	Béal na mBuillí	An Caisleán Nua	An tInbhear Mór	Inis Córthaidh	Tulach Mhór
Fisiteiripe	●	●	●	●	●	●
Teiripe shaothair	●	●	●	●	●	●
Teiripe urlabhra agus theanga	●	●	●	●	●	●
Dochtúir Ginearálta	●	●	●	●	●	●
Tacaíocht bhaile	●	●	△	●	△	△
Altranas sláinte poiblí	●	●	●	●	●	●
Obair shóisialta	●	△	●	●	●	●
Diaitéitic	△	△	●	●	●	●
Cosliacht	△	△	●	●	●	△
Cúram fiacra	△	●	●	●	●	△
Galair ainsealacha	△	●	●	●	●	●
Oftailmeolaíocht	●	△	●	△	●	△
Meabhairshláinte	△	●	△	●	●	△
Síceolaíocht	●	●	●	●	●	△
Cur chun cinn sláinte agus folláine	●	△	●	●	●	●
Comhairleoireacht sa chúram príomhúil	△	△	●	●	●	●
Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS) ^b	●	△	△	△	△	●

Éisteolaíocht	●	△	△	△	△	△
Teiripeoir teaghlaigh	△	△	●	△	△	△
Clárú sibhialta	△	△	●	△	△	△
Foireann idirghabhála pobail	△	△	●	●	●	△
Dochtúir/oifigeach leighis pobail	△	△	●	●	●	△
Daoine scothaosta	△	△	△	●	●	●
Ionchuimsiú sóisialta	●	△	△	△	△	●
Oifigeach leighis limistéir	●	△	△	△	△	△
Druga agus alcól	●	●	●	●	△	△
Cluas, srón agus scornach	△	△	●	△	△	△
Lachtadh	△	●	●	△	△	△
Scagthástáil reitine	△	△	△	●	△	△
Clinic for-rochtana réamhbhreithe	△	△	△	●	△	△
Seirbhís oideasú sóisialta	△	△	△	●	△	△
Seirbhís míchumais	△	●	△	●	△	●
Haemaiteolaíocht bhéil	△	△	△	△	△	●
Oifigeach leighis leas sóisialta	△	△	△	△	△	●
Síciatracht/síciatracht don saol níos daoine	△	●	●	△	△	△
Diagnóisic	△	△	● ^c	●	△	△
Riarachán	●	●	●	●	●	●
Soláthar Foirne						
Poist iomlána (coibhéis lánaimseartha)	106	24	46	81	135	91
Céatadán na bpost folamh	13%	0%	9%	7%	27%	19%
● Seirbhísí i bhfeidhm ● Éascaítear na seirbhísí ann ach tá siad ar fionraí faoi láthair △ Níl na seirbhísí ceaptha don ionad cúraim phríomhúil seo						

Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Anailís le hOifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Is le haghaidh daoine fásta nó páistí, nó iad araon, a sholáthraítear na seirbhísí seo, ag brath ar riachtanais seirbhíse pobail.
 - b Tagraíonn CAMHS do Sheirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh.
 - c Is féidir seirbhís x-gha agus seirbhís ultrafhuaime a éascú ag ionad cúraim phríomhúil An Chaisleáin Nua ach níl sé i bhfeidhm go fóill. Cuireadh an fhoireann imscrúdaithe ar an eolas go raibh athbhreithniú straitéiseach ar bun chun an tsamhail seachadta seirbhíse a shocrú roimh fheistiú na saoráide.

Seirbhísí a soláthraítear ag na hionaid cúraim phríomhúil ar tugadh cuairt orthu

19.35 Éilíonn *Protocol for the Acquisition and Disposal of Property* de chuid FSS agus an próiseas breithmheasa caipitil go gcaithfear sceideal cóiríochta seirbhísí a ullmhú le haghaidh gach ionaid cúraim phríomhúil sula bhforbraítear é. Leagtar amach sa sceideal seo an spás riachtanach chun cóiríocht a chur ar fáil do gach seirbhís cúraim phríomhúil atá beartaithe don ionad cúraim phríomhúil. Bhí fáil ar an sceideal cóiríochta seirbhísí tosaigh seo i gceithre ionad de na sé ionad cúraim phríomhúil. Fuair an fhoireann imscrúdaithe amach nach raibh aon difríocht shuntasach idir na seirbhísí cúraim phríomhúil beartaithe agus na seirbhísí a soláthraítear ag na ceithre ionad cúraim phríomhúil.

19.36 Dúirt FSS go n-áirítear le gnáthdhóiciméid a forbraíodh le déanaí teimpléad 'sceideal cóiríochta' le haghaidh na gnéithe seirbhíse uile atá le cur isteach i ngach ionad cúraim phríomhúil ag brath ar riachtanais an phobail áitiúil.

19.37 I gcás na n-ionad cúraim phríomhúil faoi úinéireacht FSS, déantar comhaontú ceadúnúcháin idir FSS agus foireann na ndochtúirí ginearálta (foireann cúraim phríomhúil) a gcuirtear cóiríocht ar fáil di san ionad cúraim phríomhúil.¹ Mar sin féin, i gcás an dá ionad cúraim phríomhúil faoi úinéireacht FSS a ndearna an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú orthu, ní raibh comhaontuithe ceadúnúcháin ar fáil cé gur tháinig na hionaid cúraim phríomhúil i bhfeidhm in 2010 agus 2018 faoi seach. Dúirt FSS, cé nár chuir sé sonraisc chuig na dochtúirí ginearálta i leith táille ar an spás a gcuirtear ar fáil dóibh sa dá ionad cúraim phríomhúil, go bhfuil siad i dteideal táillí ceadúnais a aisghabháil de réir théarmaí an chonartha. Dúirt sé freisin go mbíonn táille cheadúnais ar an láthair ceadúnaithe iníoctha tar éis dhá bhliain ó dháta tosaithe na tréimhse cheadúnais.

19.38 Faoi shamhail seachadta léasa na n-ionad cúraim phríomhúil, déanann FSS comhaontú léasa fadtéarmach leis an tiarna talún chun cuid den fhoirgneamh a úsáid.² Déanann cleachtas nó cleachtais na ndochtúirí ginearálta comhaontú léasa ar leith leis an tiarna talún maidir leis an gcuid den fhoirgneamh ar cuireadh ar fáil dóibh. I gcás na gceithre ionad cúraim phríomhúil a seachadadh faoin samhail léasa oibríochtúil, dúirt FSS go bhfuil comhaontú léasa ar leith ag gach cleachtas dochtúra ginearálta. Mar sin féin, toisc gur rinneadh an comhaontú idir an dochtúir ginearálta agus an tiarna talún, níl rochtain ag FSS ar eolas maidir le téarmaí an chomhaontaithe leis an dochtúir ginearálta.

Úsáid saoráidí ag na hionaid cúraim phríomhúil ar tugadh cuairt orthu

19.39 Tá na sé ionad cúraim phríomhúil uile i bhfeidhm agus glactar le cuairteoirí ón bpobal idir 9 a.m. agus 5 p.m., Dé Luain go Dé hAoine. Is cuid lárnach de sheachadadh na seirbhísí cúraim phríomhúil i ngach ionad cúraim phríomhúil iad na cuairteanna baile. Soláthraítear seirbhísí áirithe taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre, mar shampla, seirbhísí dochtúra ginearálta 24 uair an chloig atá bunaithe sna hionaid.

19.40 Rinne an fhoireann imscrúdaithe iniúchadh céim ar chéim ar gach ceann de na sé ionad cúraim phríomhúil agus thug siad faoi deara go raibh na hionaid cúraim phríomhúil uile ag éascú na seirbhísí beartaithe. Mar sin féin, thug an fhoireann faoi deara go raibh neart seomraí folamh tráth an iniúchta. D'fhéadfaí cuairteanna baile a bheith mar chuid den chúis leis. Chomh maith leis sin, soláthraítear cuid de na seirbhísí ag na hionaid cúraim phríomhúil ar laethanta áirithe amháin.

1 Tugann an ceadúnas cead chun an réadmhaoin a úsáid gan seilbh eisiach.

2 Léas a mhaireann 25 bliain a bhíonn ann go hiondúil, agus rogha ann tréimhse cúig bliain bhreise a chur leis.

3 I ndiaidh na gcuairteanna suímh, sholáthair FSS sonraí úsáide maidir le ceann de na hionaid cúraim phríomhúil ar tugadh cuairt orthu.

19.41 Fuair an fhoireann imscrúdaithe amach cé go bhfuil córas áirithe i bhfeidhm sna sé ionad cúraim phríomhúil uile chun úsáid na seomraí a bhainistiú, tá córais éagsúla i bhfeidhm. Tá córais áirithe láimhe i bhfeidhm i gceithre ionad cúraim phríomhúil ina mbaintear úsáid as scarbhileoga Excel agus dialanna. Tá córas áirithe leictreonach in úsáid ag an dá ionad cúraim phríomhúil eile. Tráth na gcuairteanna, ní raibh aon cheann de na hionaid in ann úsáid iarbhír an fhoirgnimh a mheas, nó cé acu an raibh nó nach raibh na seomraí a cuireadh in áirithe in úsáid agus cén fhad a bhí i gceist a mheas.³


- 19.42** Dúirt FSS gur thosaigh clár um úsáid spáis i dtús 2025 ina reáchtáiltear córas nua ar bhonn píolótach in dhá shuíomh ionaid cúraim phríomhúil — Gráinseach Ghormáin agus Baile Brigín. Dúirt FSS freisin go bhfeabhsóidh an córas éifeachtúlacht oibríochtúil trí áirithint agus bainistiú na seomraí in ionaid cúraim phríomhúil forbartha a chuíchóiriú.
- 19.43** Tuairiscíonn FSS ar phríomhtháscairí feidhmíochta na n-othar a dtéann chuig seirbhísí cúraim phríomhúil. Mar sin féin, socraítear na sonraí seo ag leibhéal an líonra cúraim sláinte pobail, i gcomhréir le tuairisciú náisiúnta, agus ní féidir é a cheangal le hionad cúraim phríomhúil áirithe.
- 19.44** Ar leithligh, bhí sé de rún ag an Roinn athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar úsáid na n-ionad cúraim phríomhúil faoi phlean gníomhaíochta Sláintecare 2019. Dúirt an Roinn go mbeidh seo mar chuid dá hathbhreithniú beartaithe ar an gclár um ionad cúraim phríomhúil.

Soláthar foirne ag na hionaid cúraim phríomhúil ar tugadh cuairt orthu

- 19.45** Is iad foireann chliniciúil ildisciplíneach agus foireann riaracháin a chuimsíonn foireann na n-ionad cúraim phríomhúil. I gcás na sé ionad cúraim phríomhúil ar tugadh cuairt orthu, tá an chuid is mó de na poist chliniciúla agus de na poist riaracháin coibhéise lánaimseartha (WTE) líonta ag foireann FSS (féach Fíor 19.10). Thug an fhoireann imscrúdaithe faoi deara go raibh folúntais i gcúig de na sé ionad cúraim phríomhúil. Go háirithe, bhí aon trian na bpost coibhéise lánaimseartha folamh in ionad cúraim phríomhúil Inis Córthaidh.
- 19.46** Dúirt FSS go bhfuil easnamh foirne de shé fholúntas coibhéise lánaimseartha i gcás na seirbhísí oftailmeolaíochta in ionad cúraim phríomhúil Inis Córthaidh. Tá cúig phost coibhéise lánaimseartha déag as 33 post coibhéise lánaimseartha ina mhol um bainistiú galair ainsealaigh folamh freisin.
- 19.47** Dúirt foireann FSS in ionad cúraim phríomhúil Inis Córthaidh go gcuireadh cosc ar cheithre fholúntas coibhéise lánaimseartha déag ar fud go leor disciplíní mar thoradh ar straitéis pá agus uimhreacha 2024.¹ Ó lár 2024, níl leithdháileadh foirne ag seirbhísí áirithe a thuilleadh, lena n-áirítear diaitéitic, obair shóisialta agus cosliacht. Clúdaíonn ionaid eile i gceantar Loch Garman na seirbhísí eile faoi láthair.

¹ Leagtar amach sa straitéis pá agus uimhreacha a tugadh isteach i lár 2024 uasuumhreacha bhaill foirne FSS (coibhéis lánaimseartha) agus an leithdháileadh foirne ar fud na réigiún sláinte agus seirbhísí náisiúnta éagsúla. Cuireadh cosc ar na poist a bhí folamh ag deireadh 2023 mar chuid den straitéis, rud a laghdaigh leithdháiltí coibhéise lánaimseartha.

Fíor 19.10 Líon na mball foirne coibhéise lánaimseartha de réir ionaid cúraim phríomhúil, amhail Bealtaine 2025



Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Ní áirítear na ceithre folúntais coibhéise lánaimseartha a cuireadh cosc orthu ag deireadh na bliana 2023.

Conclúidí agus moltaí

- 19.48** In 2012, ba phríomhthosaíocht straitéiseach a leag an Roinn Sláinte (an Roinn) amach é líonra náisiúnta de 340 ionad cúraim phríomhúil a fhorbairt. An tráth sin, bhí iomlán de thart ar 69 ionad a bhí ann cheana ag soláthar réimse seirbhísí cúraim phríomhúil arbh ionann an réimse seirbhíse a bheifí ag súil leis in ionad cúraim phríomhúil den chuid is mó.
- 19.49** Faoi dheireadh 2024, sheachaid Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) 110 ionad cúraim phríomhúil nua ar an iomlán. I dteannta na hionaid a bhí ann cheana, tá líonra de 179 ionad atá i bhfeidhm dá bharr: thart ar 50% den sprioclíonra iomlán a sainaithníodh le forbairt i dtosach báire. Mar sin féin, rinneadh 63 de na suíomhanna/pobail a sainaithníodh i dtosach báire le forbairt ionad cúraim phríomhúil iontu a chumaisc nó meastar nach bhfuil gá leo a thuilleadh. Nuair nach n-áirítear na seirbhísí cumaiscthe nó na seirbhísí nach bhfuil gá leo a thuilleadh, is ionann na hionaid cúraim phríomhúil ata i bhfeidhm faoi láthair agus 61% den sprioclíonra náisiúnta reatha.
- 19.50** Is athrú suntasach ar an líonra beartaithe é baint na 63 suíomh a roghnaíodh le haghaidh ionaid cúraim phríomhúil i dtosach báire. Baineadh iad toisc go gcumascadh le suíomhanna/pobail eile a sainaithníodh chun freastal orthu iad. Mar sin féin, níor fillleadh ar an gcéad ord tosaíochta suíomhanna ó 2012. Tháinig méadú tapa ar an daonra san idirthréimhse, athrú a bhí níos tapúla in áiteanna áirithe ná in áiteanna eile. Tá athruithe ag teacht ar sheachadadh chúram na ndochtúirí ginearálta príobháideacha (nach mbaineann leis na hionaid cúraim phríomhúil) freisin.

- 19.51** Mar thoradh ar na hathruithe a rinneadh agus na hathruithe reatha, níl cainníochtú ná trédhearcacht stuama leis an rangú tosaíochta reatha de na suíomhanna/pobail a sainaithníodh le forbairt ionad cúraim phríomhúil iontu (nó a sainaithníodh le leathnú na n-ionad cúraim phríomhúil atá iontu cheana). Dá ndéanfaí athmheasúnú ar na suíomhanna atá le forbairt a dtugtar tosaíocht dóibh, chabhródh sé chun cinntiú go bhfuil acmhainní sna blianta amach romhainn dírithe chuig an bpobal a bhfuil an gá is mó ann agus é déanta ar an mbealach is tráthúla. Caithfear na nithe seo a leanas a áireamh leis an athmheasúnú: an daonra atá ag athrú a ndéanfar freastal air; infhaighteacht seirbhísí atá ann cheana; agus cáilíocht an bhonneagair atá ann cheana.

Moladh 19.1

Ba cheart do FSS, i gcomhairle leis an Roinn, rangú na spriocshuíomhanna a nuashonrú agus an chaoi a leagfar síos ord tosaíochta an tseachadta amach anseo a shocrú.

Freagra Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin FSS

Aontaítear leis.

Cé nach ndearna FSS athbhreithniú foirmiúil ar bhonn náisiúnta ar spriocshuíomhanna na n-ionad cúraim phríomhúil (PCC), sainaithníodh agus rinneadh dul chun cinn ar athchumraithe, ar chónascthaí agus ar shuíomhanna nua trí chur chuige áitiúil agus réigiúnach comhcheangailte. Déanann riachtanais na bpobal áitiúla eolas do gach forbraíocht agus déantar machnamh ar réimse cúiseanna ábhartha. Áirítear orthu sin — athruithe daonra, rannpháirtíocht áitiúil, forbairtí ar sheachadadh seirbhíse (amhail Sláintecare agus tabhairt isteach cúraim pobail fheabhsaithe), deiseanna margaidh, forbairt bonneagair náisiúnta agus úsáid na saoráidí atá ann cheana.

Ligeann an cur chuige reatha do FSS freagairt go solúbtha ar athruithe déimeagrafacha, seachadadh seirbhíse, agus coinníollacha margaidh. Ag an am céanna, cinntíonn FSS go bhfuil sé ag ailíniú le cuspóirí straitéiseacha agus riachtanais mhaoirseachta i gcónaí. Díreoidh aon bheartú tosaíochta ar na hionaid cúraim phríomhúil sainaithinte eile atá fós le forbairt.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

Agus iad ag leagan amlínte amach, cuirfidh FSS athbhreithniú na Roinne Sláinte ar an gclár um ionad cúraim phríomhúil atá beartaithe le críochnú in 2026 san áireamh. Is féidir rangaithe a chur i gcrích trí dhul i gcomhairle leis an Roinn Sláinte amháin.

- 19.52** Bhí tionchar ag cúinsí eacnamaíochta agus ag paidéim COVID-19 ar fhorbairt ionaid cúraim phríomhúil le blianta beaga anuas. Bhí meánráta chur i gcrích/seachadta na n-ionad cúraim phríomhúil thart ar naoi in aghaidh na bliana sa tréimhse 2012 go 2024. Ar an ráta sin, tógfaidh sé thart ar trí bhliain déag (i.e., go 2037/8) chun seachadadh an líonra beartaithe reatha a chur i gcrích. Níor shocraigh an Roinn cuspóirí ar leith nó spriocanna idirmheánacha maidir le seachadadh líonra iomlán na n-ionad cúraim phríomhúil a sainaithníodh mar riachtanach.

Moladh 19.2

Ba cheart don Roinn spriocanna a shocrú maidir le líon na n-ionad cúraim phríomhúil atá le seachadadh sa mheántéarma (e.g., laistigh de thrí bhliain) agus san fhadtéarma, i.e., cur i gcrích líonra na n-ionad cúraim phríomhúil roimh spriocdháta.

Freagra Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Sláinte

Aontaítear leis.

Glacann an Roinn leis an moladh chun amlíne/céimniú táscach a shocrú maidir le seachadadh líonra na n-ionad cúraim phríomhúil.

Chuir an Roinn tús le tionscadal chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár um ionad cúraim phríomhúil. Tabharfar aghaidh ar an moladh mar chuid den tionscadal sin. Mar sin féin, caithfear cur san áireamh nach féidir aon sprioc a shocrú gan dul i gcomhairle le FSS ar dtús.

